

**Scoil Lorcáin,
Cearnóg Eaton,
Baile na Manach,
Co. Bhaile Átha Cliath.**

**POLASAÍ
IN AGHAIDH GNÉASCHIAPTHA,
CIAPTHA AGUS BULAÍOCHTA**

Márta 2007

ÁBHAIR

Litir ón mBord Bainistíochta	4
Cairt Dínite ar Obair	4
Ráiteas Polasaí	5
Réamhrá	6
Gnéaschiapadh	7
Ciapadh	8
Bulaíocht	9
Próiseas Gearáin	10
Próiseas Neamhfhoirmiúil	11
Próiseas Foirmiúil	12
Eadráin	13
Fiosrúchán	13
Rúndacht	15
Traenáil / Meabhraíocht	15
Athbhreithniú	15
Teagmhálacha Áisiúla Eile	15
Foirm Gearáin Fhoirmiúil	17

Litir ón mBord Bainistíochta.

Tá áthas orainn an doiciméid polasaí seo In Aghaidh Gnéaschiaptha, Ciaptha agus Bulaíochta a chur ar fáil. Neartaíonn an polasaí seo tiomantas Scoil Lorcán i leith an phrionsabal go bhfuil sé de cheart ag fostaithe bheith ag obair i dtimpeallacht atá saor ó eachtraí gnéaschiaptha, ciaptha nó bulaíochta. Beidh Cairt Dínite ar Obair ag gabháil leis an bpolasaí seo agus scaipfear iad araon ar an bhfoireann ar fad agus cuirfear cóipeanna ar fáil sa scoil.

Glacann an bhainistíocht ról suntasach i gcosc gnéaschiaptha, ciaptha agus bulaíochta, trí pháirt a ghlacadh i bhforbairt agus i bhfeidhmiú polasaithe agus nósanna imeachta.

Comhlíonann an polasaí seo na moltaí i dTuarascáil Thascfhórsa an Rialtais ar Bhulaíocht san Ionad Oibre agus sna trí Chód Cleachtais a eisíodh faoin Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ar Obair, 1989, faoin Acht Caidrimh Thionsclaígh 1990, agus faoin Acht Comhionannais Fostaíochta 1998. Is í an aidhm atá leis an bpolasaí seo a dhearbhu do bhaill foirne a mbíonn gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht á ndéanamh orthu, go nglacfar céimeanna chun deireadh a chur le gach iompar maslach, tarcaisneach dá shórt. Leagann an polasaí amach na céimeanna gnáthaimh ba cheart do dhuine a ghlacadh má fhulaingíonn siad, dar leo, iompar atá maslach dá ndínit ar obair, nó má líomhaítear gur sháraigh siad an polasaí seo.

Gach gearán a mheastar a bheith inchaingne faoin bpolasaí seo, pléifear go diongbháilte leis.

Mairéad Uí Dhomnnaill, Cathaoirleach

Colmán Ó Drisceoil, Príomhoide

Cairt Dínite ar Obair

Prionsabail:

Aithníonn Scoil Lorcáin an ceart atá ag gach ball foirne go ndéileálfai leis/léi le dínit agus le meas san ionad oibre agus tá sé tiomanta a chinntiú gur féidir le fostaithe a gcuid oibre a dhéanamh i dtimpeallacht shábháilte saor ó ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht. Ní ghlacfar le gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht d'aon chineál, cibé is ba(i)ll foirne, tuismitheoir nó teagmhálaí gnó a dhéanann é.

Ba cheart go mbeadh a fhios ag gach ball foirne, tuismitheoir agus teagmhálaí gnó de chuid Scoil Lorcáin nach bhfuil aon ghlacadh le gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht agus gur sárú ar pholasaí na scoile é. Clúdaíonn sé seo, cé nach bhfuil sé teoranta dó, aon iompar dá shórt atá bunaithe ar:

- Inscne
- Stádas Teaghlaigh
- Stádas Pósta
- Aois
- Cine / Bunús Eitneach
- Treoshuíomh Gnéis
- Míchumas
- Reiligiún
- Ballraíocht i bPobal an Lucht Taistil

Dearbhú:

“Táimidne i Scoil Lorcáin Bhaile Átha Cliath tiomanta a bheith ag obair le chéile chun timpeallacht a chothú san ionad oibre a spreagann agus a thacaíonn le ceart na dínite ar obair. I gcás gach duine a oibríonn anseo, idir mhúinteoirí, thuismitheoirí agus theagmhálacha gnó, táthar ag súil go léireoidh siad uile ómós do chearta gach duine ar leith ina s(h)aol oibre. Caithfear go cothrom le gach ball foirne, agus beidh meas orthu as a n-indibhidiúlacht agus a n-ilghnéitheacht. Cabhróidh ár bpolasaithe agus ár nósanna imeachta le prionsabail agus le cuspóirí na Cairte seo.

Tá an dualgas agus an fhreagracht ar gach aon duine seasamh leis an gCairt Dínite ar Obair seo, bíodh sé fostaithe go díreach nó faoi chonradh díreach ag Scoil Lorcáin.

Ní sháraíonn ní ar bith sa Chairt seo cearta dlíthiúla nó reachtúla an duine.

Ráiteas Polasaí

Tá Scoil Lorcáin tiomanta déileáil go cothrom lena bhfostaithe uile de réir na bPolasaithe Comhionannais reatha atá againn. Meastar an gnéaschiapadh, an ciapadh agus an bhulaíocht a bheith díobhálach d'fhostaithe ar leith agus don timpeallacht oibre, agus ní fhulaingeofar iad. Tá an ceart ag fostaithe Scoil Lorcáin bheith ag obair i dtimpeallacht atá saor ó chiapadh, bhulaíocht nó iompar imeaglach, cibé an ball foirne, **tuismitheoir** nó teagmhálaí gnó de chuid na heagraíochta a dhéanann é. Tá dualgas ar gach fostaí caitheamh lena gcomhghleacaithe le dínit agus le hurraim. Tá dualgas ar gach éinne, le dualgas bainistíochta/maoirseoireachta nó gan é, féachaint chuige nach gcuirtear suas le ciapadh nó le bulaíocht. Tá dualgas breise ar fhostaithe a bhfuil dualgas bainistíochta orthu forálacha an pholasaí seo a chur i bhfeidhm san láthair oibre. Má fhulaingíonn fostaí úsáid nach dteastaíonn nó atá maslach, míchuí, agus má dhéanann sé/sí gearán tríd an gcóras gearáin aitheanta, ní chuirfear suas le haon íospairt de bharr an ghearáin sin. Glacfar le gearáin íospairte mar líomhaintí mí-iompair agus déileálfar leo tríd an gcóras gearáin agus má sheastar leo, is tríd an gcóras smachta a phléifear leo. Mar an gcéanna, má fheictear gur le mailís a rinneadh gearán, glacfar é siúd mar mhí-iompar agus caithfear leis de réir an chórais smachta.

Má sháraítear an polasaí seo agus, arna fhiosrú, go gcinntítear sin, d'fhéadfaí céimeanna smachta a ghlacadh dá thoradh. Tar éis na gcéimeanna smachta a ghlacadh, d'fhéadfaí gníomh a mholadh, sa réimse ó rabhadh béil go dífhostú. D'fhéadfaí tabhairt ar ghearánaithe chomh maith le freagróirí (.i. an duine a ndearnadh an gearán faoi/fuithi) freastal ar Sheirbhísí Tacaíochta Foirne.

Réamhrá

Is í cuspóir an pholasaí seo eolas a thabhairt d'fhostaithe Scoil Lorcáin ar a gcearta agus a ndualgais faoin bpolasaí seo. Léiríonn an polasaí seo na cineálacha iompair a fhéadfaí a mheas mar ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht. Léiríonn sé freisin na nósanna imeachta inmheánacha ba chóir a chur i bhfeidhm chun déileáil le ceisteanna dá sórt, go neamhfhoirmiúil agus/nó go foirmiúil. Tugann sé sonraí na struchtúr atá ann chun tacú agus chun cabhrú le baill foirne atá ag déanamh gearáin nó atá ina n-ábhar gearáin faoin bpolasaí seo.

Geallann an polasaí seo go nglacfar dáiríre le gach gearán inchaingne agus go bhfiosrófar é mar ábhar práinne agus, freisin, go bpléifear leis go mothálach agus faoi rún, oiread agus is féidir. Caithfear go hurrámach le gach páirtí i gceist agus beifear ag súil leis go gcoimeádfar an gearán faoi rún fad atá sé á fhiosrú.

Cad é is Gnéaschiapadh, Ciapadh agus Bulaíocht ann

Sainmhínítear Gnéaschiapadh agus ciapadh san Acht Comhionannais Fostaíochta, 1998. Tá bulaíocht clúdaithe san Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa, 1989, ach ní shainmhínítear í faoin reachtaíocht seo. An sainmhíniú ar bhulaíocht a úsáidtear sa pholasaí seo, sholáthraigh Tascfhórsa Rialtais ar Chosc Bulaíochta san Ionad Oibre é.

Gnéaschiapadh

Sainmhíniú Alt 23 den Acht Comhionannais Fostaíochta gnéaschiapadh mar:

- Aon bheart caidrimh fisiciúil;
- Iarraidh ar fhábhar gnéasach;
- Aon bheart nó iompar eile, ar a n-áirítear focail labhartha, gothaí nó tairgeadh, taispeáint nó scaipeadh focal scríofa, pictiúr nó ábhair eile nach bhfáiltítear roimhe, agus go bhféadfaí go réasúnta é a mheas mar íde, náiriú nó imeaglú ó thaobh gnéis de, nó ar bhonn inscne.

D'fhéadfadh ball foirne, tuismitheoir nó teagmhálaí gnó de chuid Scoil Lorcáin gabháil den ghnéaschiapadh. B'fhéidir go dtarlódh gnéaschiapadh le linn fostaíochta, lasmuigh den ionad oibre, ar ócáidí caidrimh a bhaineann leis an scoil nó ar ghnó ar shiúl ón mbunáit, agus i gcás dá shórt déileálfar leis mar a dhéantar i gcás eachtraí san ionad oibre.

Coscann Alt 23 den Acht Comhionannais Fostaíochta 1998 ar fhear bean a ghnéaschiapadh nó ar bhean fear a ghnéaschiapadh. Chun críche an pholasaí seo glacfar mar gníomh inchaingne duine a chiapadh duine eile den ghnéas céanna.

Tá go leor cineálacha iompair ann ab ionann agus gnéaschiapadh. Cuimsíonn sé na samplaí atá sa liosta seo a leanas agus a thugann léiriú air ach nach bhfuil cuimsitheach. D'fhéadfaí gníomh aonair a áireamh mar ghnéaschiapadh. Déileálfadh Scoil Lorcáin go tromchúiseach le haon chiapadh a dhéanann duine nach ball foirne é/í.

Iompar fisiciúil den sórt gnéasach – Chlúdódh sé seo teagmháil fhisiciúil nach dteastaíonn ar nós tadhail gan gá, slíocadh, baint líomóige, teagmháil le corp fostaí eile, ionsaí nó comhriachtain éigeantach.

Iompar briathartha den sórt gnéasach – D’fhéadfadh tairiscintí gnéasacha nach dteastaíonn a bheith san áireamh, moltaí nó brú le haghaidh gnéasimeachtaí, moltaí leanúnacha ar obair ar mhaithe le gníomhaíocht shóisialta lasmuigh den ionad oibre nuair a rinneadh soiléir nach bhfuil fáilte roimhe sin, súgartha maslacha nach dteastaíonn, ráitis gháirsiúla, leath-thagairtí nó imchaint ghraosta.

Iompar neamh-bhriathartha den sórt gnéasach – D’fhéadfaí taispeántas pictiúr, rudaí, ábhar scríofa, r-phost, téacs-teachtaireachtaí, nó facsanna atá pornagrafaíoch nó gnéasdúisitheach a chur san áireamh. D’fhéadfaí, freisin, claonfhéachaint, feadaíl nó déanamh gothaí gnéasdúisitheacha a chur san áireamh.

Iompar gnéas-bhunaithe – Chlúdódh sé seo iompar a dhéanann clúmhillleadh nó magadh nó atá imeaglach nó a mhaslaíonn fostaí go fisiciúil de bharr a g(h)néis, ar nós drochíde nó maslaí atá tarcaisneacha táireach agus a bhfuil baint acu le hinscne.

Ciapadh

Sainmhínítear an ciapadh in Alt 32(5) den Acht Comhionannais Fostaíochta, 1998, mar bheart atá cosúil le gnéaschiapadh ach ar bhoinn eile seachas inscne. Bunaítear an ciapadh ar cheann de na tréithe seo a leanas a bhíonn ag an bhfostaí: stádas pósta; stádas teaghlaigh; treoshuíomh gnéis; creideamh (nó gan é); aois; míchumas, cine, dath, náisiúntacht nó bunús eitneach nó náisiúnta, nó bheith mar bhall den Lucht Taistil.

Síneann cosaint an Achta chuig cásanna nach bhfuil na tréithe i gceist ag an bhfostaí, ach toisc go síleann an freagróir go mbaineann an tréith sin leis an bhfostaí agus caitheann leis/léi ar shlí ab ionann agus ciapadh. Mar shampla, má chiaptar bean as bheith ina leispiach, cibé tá sí ina leispiach nó nach bhfuil.

D’fhéadfadh ball foirne, tuismitheoir nó teagmhálaí gnó de chuid Scoil Lorcáin ciapadh a dhéanamh. Is féidir go dtarlódh ciapadh le linn fostaíochta, lasmuigh den scoil, ar ócáidí sóisialta caidrimh a bhaineann le hobair, nó ar ghnó ar shiúl ón mbunáit, agus pléifear leo seo sa tslí chéanna is a phléitear le heachtraí sa scoil. Déileálfaidh Scoil Lorcáin go tromchúiseach le haon chiapadh a dhéanann duine nach ball foirne é/í.

Is ionainn agus ciapadh aon bheart nó iompar, ar a n-áirítear focail labhartha, gothaí nó tairgeadh nó scaipeadh focal scríofa, pictiúir nó ábhar eile, dteastaíonn mura an beart nó iompar ón bhfostaí agus go bhféadfaí go réasúnta féachaint air mar rud maslach, náireach nó imeaglach.

D’fhéadfadh go leor cineálacha iompair a bheith ina n-ábhar ciaptha, mar shampla:

Ciapadh béil – scéalta grinn, imchaint, magadh nó amhráin;

Ciapadh scríofa – ar a n-áirítear facsanna, teachtaireachtaí téacs, r-phoist nó fógraí;

Ciapadh fisiciúil – guailleáil, brú nó aon chineál ionsaí;

Ciapadh imeaglach – geaitsíocht, staidiúr, nó gothaí bagracha;

Leithlis nó **eisiamh** ó ghníomhaíochtaí shóisialta a bhaineann le obair.

Bulaíocht

Chun críche an Pholasaí seo is é seo an sainmhíniú atá ar bhulaíocht:

“Is ionann bulaíocht san ionad oibre agus iompar **leanúnach** míchuí, díreach nó indíreach, bíodh sé ó bhéil, go fisiciúil nó eile, ag duine amháin nó níos mó in aghaidh duine nó daoine eile, san ionad oibre agus/nó le linn fostaíochta, iompar a bhféadfaí a rá go réasúnta faoi go mbaineann sé den cheart atá ag daoine aonair don dínit ar obair.

Tharlódh sé go mbeadh cás ar leith den iompair atá sainmhínithe anseo ina mhasla don dínit ar obair, ach toisc gurb eachtra aonarach é nach bhféachfaí air mar bhulaíocht.”

Tarlaíonn bulaíocht ar dhóigheanna éagsúla agus nochtar í ar bhealaí atá follasach, díreach maraon le bealaí glíce nach bhfuil chomh díreach céanna. D’fhéadfadh an bhulaíocht í féin a léiriú ar fud an struchtúr eagraíochta agus bainistíochta atá ag roinn nó oifig.

Tig leis tarlú laistigh de ghrúpaí comhchéime, ón mbainistíocht go dtí an fhoireann agus ón bhfoireann go dtí an bhainistíocht. Is féidir an bhulaíocht a rangú i slite éagsúla, ar a n-áirítear iompar a dhéanfadh:-

Náiriú: cosc a chur le labhairt comhghleacaí trí chaint bhagrach agus/nó ghraosta a úsáid;

Imeaglú: drochíde fhisiciúil a thabhairt nó a bhagairt ;

Íde béil: lochtú leanúnach nár tuilleadh;

Íospairt: cúbláil a dhéanamh ar chlú comhghleacaí trí ráflaí, cúlchaint, magadh agus/nó leath-thagairtí;

Toirmeasc agus Aonrú: toirmeasc sóisialta agus aonrú;

Ionradh nó cur isteach: trí bheith ag crá, ag spaireacht nó ag stalcaireacht;

Tascanna míréasúnta a thabhairt arís agus arís eile nó dualgais ar léir iad a bheith neamhfhabharach a leagadh dhuine ar leith;

Nádúr na hoibre a ionramháil, mar shampla, trí eolas a choinneáil siar nó tascanna gan chiall a leagadh amach;

Spríocanna leanúnacha nach bhfuil insroichte nó tascanna nach bhfuil indéanta.

Córas Gearán

Gan a bheag a dhéanamh den cheist nó dá tionchar ar dhaoine ar leith, go minic féadann an cur chuige neamhfhoirmiúil cúrsaí a réiteach. Mar ghnáthnós, mar sin, is ceart iarracht a dhéanamh plé le líomhaint faoi ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht ar dhóigh atá chomh neamhfhoirmiúil agus is féidir, leis an gcur chuige seo a leanas. Is gá gearán a dhéanamh, de ghnáth, laistigh de 6 mhí ó dháta eachtra(i) líomhanta de ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht, nó laistigh de 6 mhí ó dháta an eachtra is déanaí d'iompar líomhanta dá shórt.

+

Cur Chuige Neamhfhoirmiúil

Cad iad na céimeanna is féidir liom a ghlacadh má shílím go bhfuil gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht á d(h)éanamh orm?

1. Nuair is féidir, dean soiléir d'fhreagróir(i) nach bhfuil a n-iompar ag teastáil. Bí chomh sainiúil agus is féidir maidir leis an iompar nach bhfuil inghlactha agat. I gcásanna gur deacair duit dul chun cainte le freagróir(i), tig leat comhairle faoi rún a lorg ó Ionadaí na Múinteoirí ar an mBord, Ionad CMÉ, An Príomhoide, an Príomhoide Ionaid agus Cathaoirleach an Bhoird.
2. Coinnigh taifead den iarratas béil agus/nó scríofa seo agus fhreagra béil nó scríofa freagróra(-óirí). Breac nóta de gach eachtra, le taifead de na dátaí, amanna agus sonraí iomlána eachtraí, do fhreagraí féin san áireamh.
3. Faigh amach an raibh finnétithe ann.
4. Más féidir, seachain a bheith i d'aonar le freagróir(i).

Cad iad na céimeanna a thig liom a ghlacadh má mheastar gurb ionainn m'iompar agus gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht?

Má deir duine a oibríonn leat go measann siad d'iompar a bheith maslach ina leith, déan an iompar i gceist a mheas duit féin agus féach lena athrú. Fiú mura n-aontaíonn tú gurb ionann d'iompar agus gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht, nó má cheapann tú gur cúisíodh go héagórach thú, triail é a fhreagairt go réidhchúiseach.

1. Smaoinigh ar thorthaí d'iompair i súile do chomhghleacaí agus bí ullamh géilleadh dá n-iarraidh go n-athrófa an tslí a gcaitheann tú leo.
2. Tugann cur chuig neamhfhoirmiúil mar seo deis na gearáin a réiteach go luath. Má shocraíonn tú neamhshuim a dhéanamh d'iarraidh dá short agus gan athrú a dhéanamh ar an iompar a ndearna do chomhghleacaí gearán ina leith, is é is dócha go ndéanfar gearán foirmiúil agus go dtionscnófar gníomh foirmiúil cuí.
3. Má shíleann tú go mbainfeá leas as comhairle chun freagairt d'iarraidh neamhfhoirmiúil, tig leat cabhair agus comhairle faoi rún a lorg ó Ionadaí na

Múinteoirí ar an mBord, Ionad CMÉ, An Príomhoide, an Príomhoide Ionaid agus Cathaoirleach an Bhoird.

4. Coinnigh taifead ar an iarraidh béil seo agus de d'fhreagra béil. Breac síos aon iarrachtaí de do chuid chun an cheist a réiteach go neamhfhoirmiúil.

Chuide Foirmiúil

Láimhseáil agus Eadráin/Fiosrú na nGearán faoi Ghnéaschiapadh, Chiapadh agus Bhulaíocht.

Cad is cóir dom a dhéanamh más míchuí an cur chuide neamhfhoirmiúil nó má leanann an gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht tar éis dom céim neamhfhoirmiúil a ghlacadh?

1. Ba cheart gearán foirmiúil a dhéanamh ar an bhfoirm oifigiúil nó i scríbhinn chuig Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta. Ba cheart a rá sa ghearán an síleann tú gurb ionann an t-iompar a raibh gearán faoi agus gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht. Ba cheart duit sonraí beachta a thabhairt de na heachtraí sin a bhaineann leis an iompar a bhfuil gearán á dhéanamh faoi, ainmneacha an fhreagróra / na bhfreagróirí agus ainmneacha finnétithe na n-eachtraí seo, más ann dóibh.
2. An duine / na daoine ar líomhnaíodh go raibh an t-iompar seo ar siúl acu (**an/na freagróir(i)**), cuirfear fógra scríofa chucu ag cur in iúl go ndearnadh líomhain faoi ghnéaschiapadh chiapadh nó bhulaíocht ina dtaobh. Tabharfar cóip de an/na líomhain(tí) atá i do ráiteas dó/di/dóibh agus comhairleofar dóibh go mbeidh deis acu freagra iomlán a thabhairt ar an/na líomhain(tí).
3. Mar chéad chéim, fiosróidh ba(i)ll a ainmneoidh an Bord Bainistíochta do ghearán, agus ceapfaidh said cur chuide cuí go neamhclaonta. Ba chur chuide cuí ag an bpointe seo é, mar shampla, réiteach eadrána a scrúdú nó an dearcadh a bheith ann go bhféadfaí teacht ar réiteach neamhfhoirmiúil. Má mheastar na hiarrachtaí seo a bheith míchuí nó éiginntitheach, fiosrófar an gearán go foirmiúil d'fhonn na fíricí agus inchreidteacht an/na líomhair(tí) a chinneadh.

Eadráin

Nuair a fhaigheann Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta gearán foirmiúil is féidir cuireadh a thabhairt don ghearánaí agus don fhreagróir páirt a ghlacadh in eadráin. Má aontaíonn an dá pháirtí cuirfear tús le headráin. Casfaidh an t-eadránaí de ghnáth leis an dá pháirtí, duine ar dhuine mar thús, go minic, chun treoirlínte a leagadh síos mar chéad chéim eadrána. Tabharfaidh an t-eadránaí an gearánaí agus an freagróir le chéile ansin chun an choimhlint atá tagtha chun cinn a phlé.

Tugann an eadráin deis ghasta rúnda don ghearánaí agus don fhreagróir an t-iompar míchuí líomhanta a phlé agus teacht ar shocrú faoi iompar a mbeadh comhghlacadh leis feasta.

Má chliseann an eadráin nó má theipeann uirthi a sprioc a bhaint amach, d'fhéadfadh an gearánaí féachaint le réiteach ar bhonn fiosraithe a lorg. Fiú má admhaítear le linn socrú eadrána go raibh locht ann, fanann an t-eolas seo ag na páirtithe san eadráin. Ní bheidh sé mar thoradh ar shocrú eadrána go ndéileálfar leis na ceisteanna faoin bpolasaí smachta.

Déanfar monatóireacht ar réiteach eadrána leis an dá pháirtí tar éis tréimhse 6 mhí lena chinntiú go bhfuil comhghlacadh acu leis an socrú a rinneadh.

Fiosrú

Gach gearán foirmiúil faoi ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht, mar a shainmhínítear iad sa pholasaí seo, pléifidh an Bord Bainistíochta leo go tromchúiseach, agus déanfaidh siad cúram de mhothálacht an ghearánaí agus de chearta an duine/na daoine a ndearnadh gearán fúthu. Pléifear le gach gearán go pras agus go báúil. Déanfaidh duine/daoine a cheapfaidh Bord Bainistíochta an fiosrú.

1. Déanfar an fiosrú go críochnúil, oibiachtúil, le mothálacht, rúndacht agus meas cúí ar chearta an ghearánaí agus an/na freagróir(i) araon.

2. Déanfar an fiosrú faoi réir téarmaí tagartha a cheapfaidh na fiosraitheoirí agus a ndéanfaidh siadsan iarracht iad a aontú leis na páirtithe.
3. Casfaidh na fiosraitheoirí leis an ngearánaí agus leis an/na freagróir(i) agus le haon finnétithe nó daoine lena mbaineann ar bhonn aonair chun na fíricí i leith an fhiosraithe a chinneadh. Is féidir comhghleacaí oibre nó fostaí/ionadaí ceardchumainn a bheith le gearánaí nó freagróir(i), más mian leo é.
4. Déanfar gach iarracht an fiosrú a dhéanamh agus a chríochnú a luaithe is féidir agus laistigh de thréimhse chomhaontaithe, más féidir. Tar éis an fiosrú a chríochnú, cuirfidh na fiosraitheoirí tuairisc scríofa faoi bhráid Bhord Bainistíochta ina mbeidh conclúidí an fhiosraithe.
5. Tabharfar deis don ghearánaí agus do an/na freagróir(i) ráiteas a dhéanamh faoi na conclúidí sula gcinntear ar aon ghníomh a ghlacadh.
6. Cuirfear conclúidí na foirne fiosraithe in iúl i scríbhinn don ghearánaí agus do an/na freagróir(i).
7. Más é conclúid an fhiosraithe go bhfuil bunús maith le haon líomhain nó le hiomlán na líomhaintí agus go seastar leis an ngearán, cuirfear agallamh foirmiúil ar an/na (bh)freagróir(i) chun gníomhaíocht chuí a chinneadh. D'fhéadfadh comhairliúchán agus/nó monatóireacht a bheith i gceist, nó go bpléifí leis an líomhain tríd an gcóras smachta.
8. Má tá aon cheann de na páirtithe míshásta le torthaí an fhiosraithe, d'fhéadfaí an cheist a phróiseáil trí ghnáthmheicníochtaí an chaidrimh thionsclaigh.
9. Mura gcruthaítear an gearán ní ghlacfar aon chiall dhiúltach as i leith an ghearánaí, ar choinníoll go ndearnadh an gearán de mheon macánta.

Rúndacht

Pléifear faoi rún, chomh fada uile agus is féidir, le gearán faoi ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht. Ach ní féidir geallúint a thabhairt do dhaoine a thuiriscíonn gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht ná dóibhsean a ghlacann páirt i bhfiosrú, go gcoimeádfar a n-ainmneacha faoi rún. Éilíonn prionsabail an cheartais aiceanta go dtabharfaí leorshonraí na líomhaintí agus ainm an/na duine/daoine a dhéanann na líomhaintí don té a bhfuil gnéaschiapadh, ciapadh nó bulaíocht á cur ina leith, i dtreo gur féidir leis/léi cosaint shásúil a sholáthar dó/di féin. Ba cheart do gach duine a ghlacann páirt in eadráin nó i bhfiosrú gearáin, an t-ábhar a choinneáil faoi rún.

Traenáil/Meabhraíocht

Cuirfear an polasaí agus an cur chuige seo in iúl do gach ball foirne a bhfuil ról acu san cur chuige foirmiúil agus neamhfhoirmiúil araon agus do bhaill an Bhord Bainistíochta.

Athbhreithniú

Déanfaidh an Bord Bainistíochta i gcomhairle leis an bhfoireann agus Coiste na dTuismitheoirí monatóireacht ar fheidhmiú ginearálta an pholasaí seo agus déanfaidh siad athbhreithniú air gach trí bliana.

Teagmhálacha Úsáideacha Eile:

CMÉ
35, Cearnóg Parnell
B.Á.C. 1
01-8772533

An tÚdarás Comhionannais
2 Sráid Chluain Meala
Baile Átha Cliath 2
Fón: 4173336

Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,
10 Plás Uí Ógáin,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 6620400

Coimisiún Caidrimh Oibreachais,
Teach Tom Johnson,
Beggars Bush,
Baile Átha Cliath 4.
Teil: 6609662

An Chúirt Oibreachais,
Teach Tom Johnson,
Beggars Bush,
Baile Átha Cliath 4.
Teil: 6136666

Oifig Stiúirthe na bhFiosruithe Comhionannais – An Binse Comhionannais,
3, Sráid Chluain Meala,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 4173300

Binse Achomhairc Fostaíochta,
Teach Davitt,
65a Bóthar Adelaide,
Baile Átha Cliath 2.
Teil: 6313347

Scoil Lorcáin
POLASAÍ IN AGHAIDH GNÉASCHIAPTHA,
CIAPTHA & BULAÍOCHTA

FAOI RÚN

FOIRM GEARÁIN			
Uimhir RSI		Dáta Tosaithe:	
Dáta Breithe		Buan nó Sealadach:	
Céadainm:		Sloinneadh:	
Seoladh Baile Reatha:		Seoladh Oibre Reatha:	
Teil Uimh: (Baile/Póca)		Teil Uimh: (Obair/Póca)	

Céimeanna a glacadh chun dáta

1. An bhfuil cur amach agat ar Pholasaí Scoil Lorcáin in aghaidh gnéaschiaptha, ciaptha agus bulaíochta?

Tá Níl

2. An dóigh leat go bhféadfaí cur síos ar an iompar a bhfuil tú ag gearán faoi mar cheann amháin nó níos mó den mhéid seo a leanas?

Ciapadh Gnéaschiapadh Bulaíocht

Céimeanna Neamhfoirmiúla

3. An bhfuil iarracht déanta agat an gnó seo a réiteach go neamhfoirmiúil?

Tá Níl

4. An bhfuil an t-ábhar seo curtha in iúl do an/na freagróir(i) agat?

Tá Níl

5. An bhfuil an t-ábhar seo curtha in iúl agat d'aon duine acu seo?

Ionadaí na Múinteoirí ar an mBord, Ionadaí CMÉ, Príomhoide, Príomhoide Ionaid, Cathaoirleach an Bhoird nó Eile?

Tá Níl

6. Más 'Tá', luaigh, le do thoil, ainm an duine agus an dáta a dhírigh tú a (h)aird air.

Ainm: _____ Grád: _____

Láthair Oibre: _____ Dáta a luadh é:

7. An bhfuil aon cheist a bhaineann leis an ngearán seo taifeadta?

Tá Níl

Freagróir(i)

Sonraí Freagróir(i)

1. Ainm: _____ Grád:

Láthair Oibre: _____ Uimh. Teil. Teagmhála:

Sonraí Freagróra/-óirí

2. Ainm: _____ Grád:

Láthair Oibre: _____ Uimh. Teil.
Teagmhála: _____

: _____

Finné/Finnéithe

Tabhair sonraí aon fhinné/-éithe.

1. Sonraí Finné

Ainm: _____ Grád:

Láthair Oibre: _____ Uimh. Teil. Teagmhála:

2. Sonraí Finné

Ainm: _____ Grád:

Láthair Oibre: _____ Uimh. Teil. Teagmhála:

Is eol dom an próiseas atá i gceist i bhfiosrú mo ghearáin agus tá gach doiciméad cuí ceangailte leis seo agam. Tuigim agus déanfaidh mé de réir an phróisis.

Síniú: _____

Dáta: _____

Finné: _____ Dáta: _____

Rogha slí le comhfhreagras a fháil:

Seoladh Baile:

Seoladh Oibre:

D'fhonn an t-ábhar seo a fhiosrú go cruinn seolfar na líomhantí agus na doiciméid atá leis seo chuig an/na freagróir(i). Ligfidh seo do an/na freagróir(i) na líomhantí faoi ghnéaschiapadh, chiapadh nó bhulaíocht a fhreagairt go hiomlán.

Sonraí an Ghearáin

Inis go soiléir, le do thoil, an cineál gearáin, sonraí na líomhantí sainiúla, luaigh cén áit agus cathain a rinneadh iad agus cén áit a tharla siad agus an raibh finnétithe ann

Ainm an/na (bh)Freagróir(i): _____

Ainm an/na (bh)Freagróir(i): _____

Ainm an/na (bh)Freagróir(i): _____

Ainm Finné/Finnétithe

Ainm: _____

Láthair Oibre:

Ainm: _____

Láthair Oibre:

Ainm: _____

Láthair Oibre:

Má tá ábhar breise á sholáthar leis an ngearán seo, cláraigh thíos é le do thoil:

- _____

- _____

Síniú: _____ Dáta:

Tá cóipeanna den bhfoirm gearáin seo ar fáil ón mBord Bainistíochta.